# AN BORD ACHOMHAIRC UM CHEADÚNAIS DOBHARSHAOTHRAITHE

## TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2016

AN BORD ACHOMHAIRC UM CHEADÚNAIS DOBHARSHAOTHRAITHE

CLÁR ÁBHAR


| CLÁR ÁBHAR | LEATHANACH |
|---|---|
| Ráiteas an Chathaoirligh leis an Aire | 3 |
| Comhaltaí Boird agus Faisnéis Ghinearálta | 4 |
| Bunú an Bhoird | 5 |
| Feidhm / Stádas | 5 |
| Comhdhéanamh an Bhoird | 5 |
| Ballraíocht an Bhoird | 6 |
| Freagrachtaí | 6 |
| Sainchomhairleoirí agus Comhairleoirí | 7 |
| Rúnaíocht | 7 |
| Gníomhaíochtaí an Bhoird in 2016 | 7 |
| Achomhairc a Fuarthas in 2016 | 8 |
| Imeachtaí Dlí | 8 |
| Forbairtí ar an Dlí Pleanála / Comhshaoil | 9 |
| Acmhainní | 9 |
| Comhairliúcháin le Comhlachtaí eile | 9 |
| Rialachas Corparáideach | 9 |
| An Coiste Iniúchóireachta | 10 |
| Tiomantas don Ghaeilge | 10 |
| Cód Eitice agus Iompair Gnó | 10 |
| Láithreán Gréasáin | 10 |
| Focal Scoir | 11 |
| Aguisín 1 - Liosta na ndaoine a bhí fostaithe ag an mBord i rith 2016 de bhun Alt 35 den Acht Iascaigh (Leasú), 1997 | 12 |
| Aguisín 2 - Cuntais Iniúchta don BACD don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016 | 13 |

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH
leis
AN AIRE TALMHAÍOCHTA, BIA AGUS MARA

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS CUNTAIS 2016

Chuig an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara

I gcomhréir leis an Acht Iascaigh (Leasú), 1997, cuireann an Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe (an BACD) leis seo, a naoú Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais déag i láthair don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016.

**Imelda Reynolds**
**Cathaoirleach**

1 Nollaig, 2017

## COMHALTAÍ BOIRD BOIRD AGUS FAISNÉIS GHINEARÁLTA

| | |
|---|---|
| **CATHAOIRLEACH:** | An tUasal Imelda Reynolds |
| **GNÁTHCHOMHALTAÍ:** | An tUasal Seán Murphy |
| | An tUasal Lorcán Ó Cinnéide (d'éirigh sé as an 29 Feabhra 2016) |
| | An tUasal Michael Sweeney |
| | An tUasal Jim Power (d'éag a théarma an 10 Aibreán 2016, athcheapadh é an 17 Meitheamh 2017) |
| | An Dr Owen McIntyre (d'éag a théarma an 10 Aibreán 2016, athcheapadh é an 17 Meitheamh 2017) |
| | An tUasal Brendan Brice (athcheapadh é an 17 Meitheamh 2016) |
| **RÚNAÍ:** | An tUasal Mary O'Hara |
| **SEOLADH NA HOIFIGE:** | Cúirt Choill Mhinsí<br>Bóthar Bhaile Átha Cliath<br>Port Laoise<br>Contae Laoise R32 DTW5 |
| **INIÚCHÓIRÍ:** | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>Foirgneamh an Chisteáin<br>Caisleán Bhaile Átha Cliath<br>Baile Átha Cliath 2. |
| **GUTHÁN:** | +353 (0) 57 8631912 |
| **LÁITHREÁN GRÉASÁIN:** | www.alab.ie |
| **SEOLADH RÍOMHPHOIST:** | info@alab.ie |

AN BORD ACHOMHAIRC UM CHEADÚNAIS DOBHARSHAOTHRAITHE

## BUNÚ AN BHOIRD

Bunaíodh an Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe an 17 Meitheamh 1998 faoi *Alt 22* den Acht Iascaigh (Leasú), 1997 ("Acht 1997"). Tá gach léir Comhalta Boird fostaithe ar bhonn páirtaimseartha.

## FEIDHM

Feidhmíonn an Bord faoi choimirce na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Is í feidhm an Bhoird chun údarás neamhspleách a sholáthar chun cinneadh a dhéanamh faoi achomhairc i gcoinne chinntí an Aire ábhartha faoi iarratais ar cheadúnais dobharshaothraithe. Má bhíonn duine míshásta le cinneadh an Aire i dtaobh iarratais ar cheadúnas dobharshaothraithe, nó faoi cúlghairm nó leasú ar cheadúnas dobharshaothraithe, is ceadmhach don té sin achomharc a dhéanamh laistigh d'aon mhí amháin dá fhoilsiú (i gcás cinnidh) nó dá fhógairt (i gcás cúlghairme nó leasú).

## STÁDAS

Comhlacht neamhspleách is ea an Bord a bhfuil a chistiú féin aige a chuireann an tOireachtas ar fáil faoi *Alt 36* d'Acht 1997.

## COMHDHÉANAMH AN BHOIRD

I gcomhréir le hAlt 23(3) d'Acht 1997, féadfaidh an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara rialacháin a dhéanamh ina bhforordaitear go ndéanann dhá eagraíocht, ar a laghad, comhaltaí an Bhoird a ainmniú. Ba cheart do na heagraíochtaí siúd ionadaíocht a dhéanamh do na grúpálacha seo a leanas:

(a) eagraíochtaí a bhíonn bainteach le cur chun cinn fhorbairt an dobharshaothraithe nó a dhéanann ionadaíocht do dhaoine a thugann faoi ghnó i bhforbairt an dobharshaothraithe;

(b) eagraíochtaí a bhíonn bainteach le caomhnú, forbairt agus cosaint na n-iascach fiáin;

(c) eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do dhaoine a bhfuil a ngairmeacha nó a slite beatha bainteach le pleanáil agus forbairt fhisiciúil;

(d) eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do dhaoine a bhfuil baint acu le cosaint agus caomhnú na timpeallachta agus conláistí;

(e) eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do dhaoine a bhfuil baint acu le cur chun cinn forbartha geilleagraí i gcoitinne, agus

(f) eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do dhaoine a bhfuil baint acu le cur chun cinn forbairt pobail.

## BALLRAÍOCHT AN BHOIRD

Faoi mar a fhoráiltear faoi Alt 23 d'Acht 1997, tá Cathaoirleach agus seisear comhaltaí eile ar an mBord.

Cheap an Rialtas an Cathaoirleach, an tUasal Imelda Reynolds, i gcomhréir le halt 23(2) d'Acht 1997, ar feadh téarma 5 bliana ón 1 Aibreán 2014 go dtí an 31 Márta 2019.

Ceapadh an tUasal Seán Murphy an 8 Eanáir 2013 ar feadh tréimhse cúig bliana, a fhad leis an 31 Nollaig 2017.

Ceapadh an tUasal Michael Sweeney an 13 Eanáir 2013 ar feadh tréimhse cúig bliana, a fhad leis an 31 Nollaig 2017.

D'éag téarma oifige an Uasail Jim Power an 10 Aibreán 2016. Athcheapadh é an 17 Meitheamh 2016 ar feadh tréimhse trí bliana, a fhad leis an 16 Meitheamh 2019.

D'éag téarma oifige an Uasail Owen McIntyre an 10 Aibreán 2016. Athcheapadh é an 17 Meitheamh 2016 ar feadh tréimhse trí bliana, a fhad leis an 16 Meitheamh 2019.

Ceapadh an tUasal Lorcán Ó Cinnéide ar feadh téarma trí bliana ón 22 Deireadh Fómhair 2013 a fhad leis an 21 Deireadh Fómhair 2016. D'éirigh an tUasal Lorcán Ó Cinnéide as an 29 Feabhra 2016.

Athcheapadh an tUasal Brendan Brice an 17 Meitheamh 2016 ar feadh tréimhse trí bliana, a fhad leis an 16 Meitheamh 2019.

Tá folúntas ar an mBord faoi láthair do Leas-Chathaoirleach.

FREAGRACHTAÍ

Sonraítear in Acht 1997 príomhfhreagrachtaí agus príomhchumhachtaí an Bhoird, a ndéantar an t-achoimriú seo a leanas orthu:

Faoi *Mhír 40(4)* d'Acht 1997, nuair a fhaigheann an Bord achomharc agus ar choinníoll nach n-aistarraingítear é, is féidir leis an mBord é a chinneadh tríd an méid a leanas a dhéanamh:

(a) cinneadh nó gníomh an Aire a dheimhniú;

(b) cinneadh a dhéanamh faoin iarratas ar an gceadúnas amhail go ndearnadh an t-iarratas chuig an mBord sa chéad ásc; nó

(c) maidir le ceadúnas a chúlghairm nó a leasú, cinneadh an Aire a chur in ionad chinneadh an Bhoird.

Faoi Alt *43 agus 44* d'Acht 1997, caithfidh an Bord cóip den fhógra achomhairc a chur faoi bhráid an Aire agus gach páirtí eile san achomharc.

Faoi *Alt 46* d'Acht 1997, is féidir leis an mBord aighneachtaí nó tuairimí a lorg ó pháirtithe nó ó dhaoine eile a bhfuil aighneachtaí nó tuairimí tugtha don Bhord acu cheana i dtaca le hachomharc, más é tuairim an Bhoird, agus faoi na cúinsí seo, go bhfuil sé ar leas an cheartais sin a dhéanamh.

Faoi *Alt 47* d'Acht 1997, is féidir leis an mBord iarraidh ar cháipéisí, sonraí nó aon fhaisnéis eile a mheasann sé a bheith riachtanach d'fhonn cinneadh a dhéanamh faoi achomharc.

Faoi Alt *49* d'Acht 1997, is féidir leis an mBord, faoina rogha iomlán féin, éisteacht ó bhéal a chur ar siúl i dtaca le hachomharc.

Faoi *Alt 56* d'Acht 1997, caithfidh an Bord a chinntiú go ndéileálfar le hachomhairc agus go ndéanfar cinneadh fúthu gan mhoill agus go ndéanfar gach iarracht moill nach bhfuil gá léi a sheachaint.

SAINCHOMHAIRLEOIRÍ AGUS COMHAIRLEOIRÍ

Faoi *Alt 35* den Acht, is ceadmhach don Bhord aon sainchomhairleoirí nó aon chomhairleoirí a fhostú a mheasann sé a bheith riachtanach chun a fheidhmeanna a chur i gcrích. Íocann an Bord as aon táillí a bhíonn ag dul don té sin as airgead a chuireann an tOireachtas ar fáil. Le héifeacht ón 2 Meán Fómhair 2008 ar aghaidh, tá Comhairleoirí Teicniúla fostaithe ag an mBord agus leanfar den fhostaíocht nuair is gá. Fostaíonn an Bord comhairleoirí eile, chomh maith, faoi mar a bhíonn ag teastáil, chun tacú lena chuid oibre. Tá liosta de na daoine a bhí fostaithe ag an mBord i rith na bliana faoi athbhreithniú san áireamh in Aguisín 1.

RÚNAÍOCHT

Faoi *Alt 32* den Acht, feidhmeoidh oifigeach de chuid an Aire, a bheidh ina státseirbhíseach bunaithe agus a bheidh ar iasacht leis an mBord chuige sin, ar bhonn lánaimseartha nó páirtaimseartha, mar Rúnaí don Bhord. Is é an Rúnaí páirtaimseartha an tUasal Mary O'Hara.

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN BHOIRD IN 2016

ACHOMHAIRC AR LÁIMH AN 1 EANÁIR 2016

Ag tús 2016, bhí 15 achomharc ar láimh ag an mBord, ina measc tagairtí Achomhairc AP1/2015, agus AP2/2015.

Bhain **AP1/2015** le hachomharc a fuarthas ó Dean Murphy in aghaidh chinneadh an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara chun a dhiúltú chun Ceadúnais Dobharshaothraithe agus Urthrá a dheonú do Dean Murphy, An Failleán, Baile Chaisleáin Bhéarra, Contae Chorcaí ar Shuíomh T05/579 N1 chun oisrí a shaothrú trí mhálaí agus tristéil a úsáid ar shuíomh ar an urthrá i gCuan Bhaile an Chaisleáin, Bá Bheanntraí, Contae Chorcaí.

Rinne an Bord cinneadh ar an achomharc seo an 19 Eanáir 2016 agus seasadh le cinneadh an Aire chun ceadúnas dobharshaothraithe a dhiúltú do shuíomh T05/579 N1.

Bhí 14 achomharc i gceist le **AP2/2015** i gcoinne an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara chun Ceadúnais Dobharshaothraithe agus Urthrá a dheonú do Bhradán Fanad Teo atá ag trádáil mar Marine Harvest Ireland, Cionn Droma, Fánaid, Leitir Ceanainn, Contae Dhún na nGall ar Shuíomh T05/555 chun Bradán Atlantach (Salmo Salar) a shaothrú ar shuíomh ar an urthrá ag Ceann Shot, Bá Bheanntraí, Contae Chorcaí.

De bhun Alt 42 (1) den Acht Iascaigh (Leasú), 1997, ("an tAcht"), féadfaidh an Bord, faoina lánrogha, caitheamh le dhá achomharc nó níos mó, agus leis na hachomharcóirí, mar pháirtithe le hachomharc singil. Rinne an Bord an cinneadh chun an lánrogha sin a fheidhmiú agus chun breithniú a dhéanamh ar gach ceann de na ceithre achomharc déag mar achomharc amháin, mar gheall gur bhain siad leis an iarratas céanna ar cheadúnas. Tabhair faoi deara, le do thoil, is féidir leis an mBord, faoina lánrogha, na hachomhairc siúd a scaradh ag aon tráth.

Fuarthas na hachomhairc ó na daoine seo a leanas:

- Alec O' Donovan (Rúnaí) Save Bantry Bay – Tagairt **AP2/1/15**,
- An tUasal Bridget O' Sullivan thar ceann chónaitheoirí Rúisc – Tagairt **AP2/2/15**,
- An tUasal John Brendan O'Keeffe - Tagairt **AP2/3/15**,
- Na hUaisle Denis, Kieran agus Jason O' Shea - Tagairt **AP2/4/15**,
- An tUasal Catherine McManus, Marine Harvest Ireland - Tagairt **AP2/5/15**,
- An tUasal Con O' Leary, Cathaoirleach Chumann Slatiascairí Bradán agus Breac Bheanntraí – Tagairt **AP2/6/15**,
- Chris Harrington, Cathaoirleach Chumann Forbartha Turasóireachta an Ghleanna Ghairbh - Tagairt **AP2/7/15**,
- Cumann Slatiascairí Bradán agus Breac Chom Sheola atá ag trádáil mar Teddy O'Brien - Tagairt **AP2/8/15**,

- An tUasal Billy Smyth, Cathaoirleach, Cuan na Gaillimhe in aghaidh Cásanna Bradáin ('Galway Bay Against Salmon Cages') - Tagairt **AP2/9/15**,
- An tUasal Niall Greene, Salmon Watch Ireland Ltd. - Tagairt **AP2/10/15**,
- An tUasal John Hunt - Tagairt **AP2/11/15**,
- An tUasal Tony Lowes, Cairde Chomhshaol na hÉireann ('Friends of the Irish Environment') - Tagairt **AP2/12/15**,
- An tUasal Greg Forde, Iascaigh Intíre Éireann - Tagairt **AP2/13/15** agus
- An tUasal Noel Carr, Rúnaí, Cónaidhm Slatiascairí Bradán agus Breac Geal na hÉireann ('Federation of Irish Salmon & Sea Trout Anglers') - Tagairt **AP2/14/15.**

Lean an Bord ag déileáil leis na hachomhairc seo i rith 2016 ach ní raibh cinneadh déanta aige ar na hachomhairc faoi dheireadh na bliana.

ACHOMHAIRC A FUARTHAS I RITH 2016

Fuair an Bord achomharc amháin i rith 2016.

Bhain **AP1/2015** le hachomharc a fuarthas i Nollaig 2016 in aghaidh chinneadh an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara chun a dhiúltú chun Ceadúnais Dobharshaothraithe agus Urthrá a dheonú don Uasal Éamonn Caffrey chun oisrí an Aigéin Chiúin a shaothrú ar Shuíomh T11/85 ar an urthrá i mBá Dhroim Chliabh.

Ní dhearnadh cinneadh ar an achomharc faoi dheireadh na bliana faoi athbhreithniú.

IMEACHTAÍ DLÍ

I gcomhréir le hAlt 73 den Acht Iascaigh (Leasú), 1997, is ceadmhach do dhuine iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú breithiúnach ar chinntí an Bhoird trí iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú breithiúnach ach sin a bheith déanta laistigh de thréimhse trí mhí a thosóidh ar an dáta a rinneadh an cinneadh.

Ní dhearnadh aon athbhreithnithe breithiúnacha in 2016.

FORBAIRTÍ AR AN DLÍ PLEANÁLA / COMHSHAOIL

Tá tionchar suntasach á imirt ag beartas agus reachtaíocht chomhshaoil atá ag éirí níos casta, anuas ar chorp cásdlí atá ag teacht chun cinn ar conas atá an Bord ag déileáil le hachomhairc a chuirtear faoina bhráid. Baineann ceisteanna comhshaoil le go leor den chásdlí, ceanglais i dtaobh measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol agus tástálacha i leith measúnú oiriúnachta ina measc faoin Treoir maidir le Gnáthóga. Chaith an Bord tréimhse shuntasach ama chun athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar a nósanna imeachta chun breithniú agus cinneadh a dhéanamh ar achomhairc chun an reachtaíocht uile ábhartha agus an cásdlí uile atá ag teacht chun cinn a chur san áireamh.

ACMHAINNÍ

I rith 2016, bhí folúntas sa Bhord mar gheall gur éag téarma comhalta Boird téarma i Samhain 2014. Líonadh an folúntas seo an 17 Meitheamh 2016. D'éag téarmaí oifige beirt chomhaltaí Boird eile in Aibreán 2016. Mar gheall nach ndearnadh athcheapacháin go dtí an 17 Meitheamh 2016, d'imir seo drochthionchar ar chumas an Bhoird chun cruinnithe a chur ar bun, mar gheall nach raibh córam ag an mBord don tréimhse sin.

COMHAIRLIÚCHÁIN LE COMHLACHTAÍ EILE

Tá dualgas ar an BACD chun cur amach a bheith i gcónaí aige ar bheartais chomhlachtaí áirithe a n-imríonn a bhfeidhmeanna tionchar ar a chuid oibre. Áirítear leo seo ranna Rialtais eile.

RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Tá Rialachas Corparáideach sa BACD in ainm cloí le ceanglais ábhartha an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016, (an Cód), sa mhéid gur cuí agus aird ar mhéid bheag an chomhlachta. Tá an BACD tiomanta d'athbhreithniú a dhéanamh ar a bheartais agus a nósanna imeachta rialachais ar bhonn leanúnach le comhlíonadh leanúnach an dea-chleachtais sa limistéar seo a chinntiú.

Sa chomhthéacs seo, faoi mar a cheanglaítear sa Chód, deimhním an méid seo a leanas:

1. Níor imir aon fhorbairtí lenar bhain suntasacht tráchtála tionchar ar an BACD i gcaitheamh na tréimhse ón 1 Eanáir 2016 go dtí an 31 Nollaig 2016, ná níl an Bord ar an eolas ar aon saincheisteanna móra ar dhóchúil go dtiocfaidís aníos sa ghearrthéarma ná sa mheántéarma;
2. Ní ann d'aon idirbhearta airgeadais nach bhfuil sa chlár comhardaithe nach nochtar i dtuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais an BACD;
3. Táthar ag tabhairt faoi gach nós imeachta cuí le haghaidh tuairisciú airgeadais, iniúchóireacht inmheánach, taistil, soláthair agus diúscairtí sócmhainne;
4. Cuireadh Cóid Iompair don Bhord agus d'fhostaithe i bhfeidhm agus cloíodh leo;
5. Mar gheall gur thug an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara gach comhalta foirne de chuid an BACD ar iasacht dó, táthar ag cloí le beartas an Rialtais maidir le pá POFanna agus gach fostaí le comhlacht Stáit;
6. Táthar ag cloí le treoirlínte an Rialtais maidir le táillí comhaltaí Boird, seachas nuair a cuireadh ar aird an Bhoird Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe gur íocadh táillí boird €18,231, ar an iomlán, faoin bprionsabal 'duine amháin, tuarastal amháin', le comhalta boird ar fostaí sa tseirbhís phoiblí é, idir Bealtaine 2013 agus Nollaig 2016. Tá an Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe ag oibriú leis an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Mara chun an tsaincheist seo a réiteach.
7. Níor thit aon imeachtaí suntasacha iar-chláir comhardaithe amach;
8. Táthar ag cloí le ceanglais chuí Chód Caiteachais Phoiblí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe;
9. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun nochtadh cosanta a dhéanamh i gcomhréir le halt 21(1) den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 agus foilsíodh an tuarascáil bhliantúil a cheanglaítear faoi alt 22(1) den Acht;
10. Tá ceanglais bheartas taistil an Rialtais á gcomhlíonadh ar gach bealach;
11. Chomhlíon an BACD a chuid oibleagáidí faoin dlí cánach;
12. Ní ann d'aon díospóidí dlíthiúla ina bhfuil baint ag comhlachtaí Stáit eile;
13. Glacadh leis an gCód agus tá an Cód á chomhlíonadh a mhéid agus is cuí, agus aird ar mhéid agus scála an Bhoird; agus
14. níl aon fhochuideachtaí ag an BACD.

B'ionann líon na gcruinnithe a tionóladh in 2016 agus cúig cinn. Tabhair faoi deara, ní raibh an córam ag an BACD ar feadh cui den bhliain. Ba é seo a leanas tinreamh na gcruinnithe:

| Comhalta Boird | Líon na gCruinnithe ar ar Freastalaíodh |
|---|---|
| An tUasal Imelda Reynolds | 5/5 |
| An tUasal Michael Sweeney | 5/5 |
| An tUasal Seán Murphy | 5/5 |
| An tUasal Jim Power | 5/5 (d'éag a théarma an 10 Aibreán 2016 agus athcheapadh é an 17 Meitheamh 2016) |
| An Dr Owen McIntyre | 4/5 (d'éag a théarma an 10 Aibreán 2016 agus athcheapadh é an 17 Meitheamh 2016) |
| An tUasal Lorcán Ó Cinnéide | 1/5 (d'éirigh sé as an 29 Feabhra 2016 agus bhí sé incháilithe freastal ar 1 chruinniú amháin) |
| An tUasal Brendan Brice | 2/5 (athcheapadh é an 17 Meitheamh 2016 agus ní raibh sé incháilithe ach chun freastal ar 2 chruinniú) |

An Coiste Iniúchóireachta

Tá fo-choiste amháin ann leis an mBord - an Coiste Iniúchóireachta - agus is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl don obair a rinne an Coiste seo. I rith na bliana faoi chaibidil, chas an Coiste Iniúchóireachta lena chéile dhá uair, agus cuireadh tuairisciú ar a chruinnithe ar fáil do Bhord an BACD.

TIOMANTAS DON GHAEILGE

Tá an BACD tiomanta do gach cuid ábhartha d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 a chur i bhfeidhm. Tá an chomharthaíocht agus an páipéarachas araon i nGaeilge agus i mBéarla araon faoi láthair.

CÓD EITICE AGUS IOMPAIR GNÓ

Tá Cód Eitice agus Iompair Gnó i bhfeidhm do gach comhalta den Bhord agus tá sé curtha in airde ar an láithreán gréasáin @ www.alab.ie

LÁITHREÁN GRÉASÁIN

Coimeádann an BACD láithreán gréasáin gníomhach ag www.alab.ie

FOCAL SCOIR

Ba mhaith liom buíochas foirmiúil a ghabháil leis an Uasal Lorcán Ó Cinnéide i ngeall ar a rannchuidiú ollmhór agus thar a bheith luachmhar le hobair bhord an BACD fad a bhí sé ina chomhalta. D'fhóin Lorcán ar bhord an BACD ar feadh 13 bliana agus sholáthair sé sáreolas tionscail i rith a thionachta, anuas ar bhreithiúnas géarchúiseach a dhéanamh ar mhaithe le bord an BACD.

Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh chun foireann agus soláthraithe seirbhíse seachtracha an BACD a aithint, a ghlac páirt lárnach chun cabhrú le Bord an BACD i rith na bliana. Mar eagraíocht, bhí mórchuid athraithe á bainistiú againn fad a bhíomar meáite ar dhea-fheidhmíocht a bhaint amach. Rinne Rúnaí an BACD agus a foireann rannchuidiú suntasach, agus gabhaim buíochas leo as ucht a ndianoibre, a dtacaíochta leanúnaí agus a ngairmiúlachta i rith 2016.

Ba mhaith liom aitheantas ar leith a thabhairt d'fhíor-thiomantas chomhaltaí Boird an BACD le luachanna an neamhspleáchais, na hiomláine, na gairmiúlachta agus na cothroime. Ba mhór an pléisiúr dom oibriú libh i rith 2016.

Ba mhaith liom, ina theannta sin, buíochas a chur in iúl do na hoifigigh ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, as ucht a dtacaíochta agus a gcúnamh i rith na bliana. Táim ag tnúth le hoibriú go leanúnach leis an bhfoireann, na Comhaltaí Boird, agus an Roinn fad a leanaimid ag tabhairt faoi obair an BACD sna blianta amach anseo.

Aguisín 1

Liosta na ndaoine a bhí fostaithe ag an mBord i rith 2016 de bhun Alt 35 den Acht Iascaigh (Leasú)

## Comhairle Theicniúil

Altemar Ltd, Sainchomhairleoireacht Mhuirí agus Comhshaoil

Graham Saunders, Éiceolaí Muirí agus Sainchomhairleoir Comhshaoil

RPS Consulting Engineers Ltd

## Dlíthiúil

Denis McSweeney – Aturnaetha

James Connolly – Abhcóide Sinsearach

## Cuntasóirí

Anne Brady McQuillans DFK

## Seirbhísí Aistriúcháin

Word Perfect Translations

Aguisín 2

Cuntais Iniúchta don BACD don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016

Aguisín 2

Cuntais Iniúchta don BACD don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016

## An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

### Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016

**Clár Ábhar** | **Leathanach**


| Clár Ábhar | Leathanach |
|---|---|
| Comhaltaí Boird agus Faisnéis Ghinearálta | 1 |
| An Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird | 2 |
| An Ráiteas ar Rialú Inmheánach | 3 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 4 |
| An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta | 5 |
| An Ráiteas ar an Staid Airgeadais | 6 |
| An Ráiteas ar Shreafaí Airgid | 7 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 8 |

## An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

### Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016

### Comhaltaí Boird agus Faisnéis Ghinearálta

| | |
|---|---|
| **Comhaltaí Boird:** | An tUasal Imelda Reynolds *(Cathaoirleach)*<br>An tUasal Brendan Brice *(Ceaptha an 17 Meitheamh 2016)*<br>An Dr Owen McIntyre *(Athcheaptha an 17 Meitheamh 2016)*<br>An tUasal Seán Murphy<br>An tUasal Lorcán Ó Cinnéide *(D'éirigh as an 4 Márta 2016)*<br>An tUasal Jim Power *(Athcheaptha an 17 Meitheamh 2016)*<br>An tUasal Michael Sweeney |
| **Rúnaí:** | An tUasal Mary O'Hara |
| **Seoladh Gnó:** | Cúirt Choill Mhinsí<br>Bóthar Bhaile Átha Cliath<br>Port Laoise<br>Contae Laoise |
| **Iniúchóirí:** | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>3A Sráid an Mhéara Uachtarach<br>Baile Átha Cliath 1 |
| **Baincéirí:** | Bainc-Aontas Éireann<br>100 Sráid Grafton<br>Baile Átha Cliath 2 |
| **Aturnaetha:** | Denis McSweeney – Aturnaetha<br>16 Plás Hoirbeaird<br>Baile Átha Cliath 2 |

## An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

### Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016

### An Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird

Ceanglaítear faoi Alt 37 (1) den Acht Iascaigh (Leasú), 1997 ar an mBord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe gach cuntas cuí agus rialta a choimeád ar airgead a fuair sé nó a chaith sé, i cibé foirm a fhaomhfaidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis siúd airgeadais á réiteach, ceanglaítear an mBord an méid a leanas a dhéanamh:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama,
- a lua cibé acu ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme,
- na ráitis airgeadais a réiteach ar bhonn gnóthas leantach.

Tá Bord freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnta, ag tráth ar bith, airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 37 den Acht Iascaigh (Leasú), 1997. Tá an Bord freagrach, chomh maith, as sócmhainní an Bhoird a chosaint agus, dá bhrí sin, as dul i mbun bearta réasúnta chun cosc a chur ar chalaois agus ar neamhrialtachtaí eile nó iad a bhrath.

Thar ceann an Bhoird

Imelda Reynolds
An tUasal Imelda Reynolds
Cathaoirleach

Dáta: 1 Nollaig, 2017

J Power
An tUasal Jim Power
Comhalta Boird

Dáta: 1/12/17

# An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

## Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016

## An Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Thar ceann Bhoird Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe, aithnímid an fhreagracht atá orainn chun a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais á choimeád agus á fheidhmiú san eagraíocht. Ní féidir leis an gcóras ach a dhearbhú go réasúnta, seachas go hiomlán, go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil.

**Príomh-Nósanna Imeachta Rialaithe**
Chuaigh an Bord i mbun beart le timpeallacht chuí rialaithe a chinntiú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir.
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na chosaint.
- Cultúr freagrachta a fhorbairt ar gach leibhéal den eagraíocht.
- Gnóthas cuntasóirí seachtracha a cheapadh chun doiciméadú a dhéanamh ar na córais rialaithe moltaí a dhéanamh ar bharr feabhais a chur ar an gcóras.
- Seachas na táillí dlíthiúla agus agus gairmiúla, caitear an chuid is mó de chaiteachas an Bhoird ar luach saothair an rúnaí agus na gComhaltaí Boird agus taisteal agus cothabháil. Íocann an Roinn Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara tuarastal an rúnaí agus comhalta foirne amháin eile agus déanann a aisghabháil ó leithdháileadh an Bhoird. Tá gnóthas seachtrach cuntasaíochta fostaithe ag an mBord chun déileáil le luach saothair na gComhaltaí Boird.

Tá an córas Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais bunaithe ar chreat faisnéis rialta bhainistíochta, nósanna imeachta riaracháin, leithdheighilt dualgas, agus córas tarmligin agus cuntasachta ina measc. Áirítear leis, ach go háirithe:

- Athbhreithnithe rialta ag an mBord ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais. Má cinneadh a dhéanamh ansin ar an ngníomh ceartaitheach a theastaíonn.
- Chas an Coiste Iniúchóireachta ar a chéile faoi dhó sa bhliain 2016 chun athbhreithniú a dhéanamh ar um Cheadúnais Dobharshaothraithe.
- Ceapadh cuntasóir seachtrach chun tabhairt faoin bhfeidhm Athbhreithnithe ar Rialú Inmheánach de An Bhoird Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe ar bhonn bliantúil. Chumhdaigh an obair an Acht Iascaigh agus Soláthar in 2016.
- Bhí trí fholúntas sa Bhord i rith na tréimhse ó Mhárta go Meán Fómhair 2016 ónar eascair nach raibh córam ag an mBord chun cruinniú a chur ar bun i rith na tréimhse seo.

Dearbhaím gur thug an Bord faoi athbhreithniú ar éifeachtacht an rialaithe inmheánaigh airgeadais don bhliain 2016 ag an gcruinniú a thionóil sé an 5 Bealtaine 2017.

Thar ceann an Bhoird

Imelda Reynolds
An tUasal Imelda Reynolds
Cathaoirleach

Dáta: 1 Nollaig, 2017

An tUasal Jim Power
Comhalta Boird

Dáta: 1/12/17

# An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

**Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016**

**Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais**

## An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Bhoird Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016 faoin Acht Iascaigh (Leasú), 1997. Áirítear sna ráitis airgeadais, an ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim coimeádta, ráiteas ar an staid airgeadais, ráiteas ar shreafaí airgeadais agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm a fhorordaítear faoi Alt 37 den Acht, agus i gcomhréir le cleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leis.

**Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird**

Tá an Bord freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais, lena chinntiú go dtugtar léiriú fíor agus cóir iontu agus le rialtacht idirbheartaíochtaí a chinntiú.

**Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

Táimse freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na airgeadais agus tuairisciú a dhéanamh orthu de réir an dlí infheidhme.

Tugaim faoi m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithniúcháin speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú.

Tugaim faoi m'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an RA agus Éire) mar aon le Caighdeáin Eitice an Bhoird um Chleachtas Iniúchóireachta d'Iniúchóirí a chomhlíonadh.

**Scóip iniúchadh na ráiteas airgeadais**

Is éard a bhaineann le hiniúchadh, fianaise a fháil faoi shuimeanna agus nochtadh sna ráitis airgeadais, ar leor iad lena chinntiú go réasúnta nach ann d'aon mhíráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid is cúis leis. Áirítear leis seo measúnú ar an méid a leanas

- cibé acu an cuí nach cuí do na beartais chuntasaíochta do chúinsí an Bhoird, agus cibé acu ar cuireadh nó nár cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus cibé acu ar nochtadh nó nár nochtadh iad go cuí
- réasúntacht na mórmheastachán cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Ina theannta sin, tugaim faoi fhianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcúrsa an iniúchta.

Sa mhullach air sin, déanaim tuarascáil bhliantúil an Bhoird a léamh le haon mhíréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais ar a ndearnadh iniúchadh a shainaithint agus le haon fhaisnéis a shainaithint is dealraitheach atá mícheart go hábhartha bunaithe ar, nó atá neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis, an t-eolas a fuair mé ar thabhairt faoin iniúchadh dom. Déanaim breithniú ar na himpleachtaí do mo thuarascáil má thugaim faoi deara aon mhíráiteas nó aon neamh-chomhsheasmhacht ábhartha.

**Tuairim faoi na ráitis airgeadais**

I mo thuairim:

- tugtar sna ráitis airgeadais léiriú fíor agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Bhoird Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe amhail an 31 Nollaig 2016 agus ar a ioncam agus caiteachas don bhliain 2016; agus
- ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gceart i gcomhréir le cleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leis.

I mo thuairim, ba leor taifid chuntasaíochta an Bhoird lena ligean dom na ráitis airgeadais a léamh gan stró agus a iniúchadh i gceart. Tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na taifid chuntasaíochta.

**Ábhair ar a dtuairiscím trí eisceacht**

Déanaim tuairisciú trí eisceacht mura bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó má thug

- mé aon chás ábhartha faoi deara nár caitheadh airgead chun a gcríoch beartaithe nó sa chás nach raibh na hidirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a bhí á rialú, nó
- níl an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil bhliantúil an Bhoird comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais ghaolmhara nó leis an eolas a fuair mé ar thabhairt faoin iniúchadh dom, nó
- ní léirítear sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais comhlíonadh an Bhoird an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, nó
- tugaim faoi deara gurb ann d'ábhair eile lena mbaineann an bealach a tugadh faoi ghnó poiblí.

Níl aon rud le tuairisciú agam i ndáil leis na hábhair sin a dhéantar a thuairisciú trí eisceacht.

**Josephine Mooney**
**Le haghaidh agus thar ceann**
**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**An 11 Nollaig 2017**

# An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

## An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta

## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016

| | Nótaí | 2016<br>€ | 2015<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontais an Oireachtais | 2 | 52,601 | 300,478 |
| Ioncam ó Achomhairc | | 381 | 3,047 |
| Ioncam Eile | | - | 4,249 |
| | | 52,982 | 307,774 |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais Foirne | 3 | 52,601 | 50,478 |
| Táillí Boird | 4 | 34,975 | 38,903 |
| Muirir Riaracháin | 5 | 4,174 | 3,504 |
| Táillí Dlí agus Gairmiúla | 5 | 47,638 | 43,179 |
| Costais Taistil | 5 | 7,572 | 12,459 |
| | | 146,960 | 148,523 |
| Barrachas/ (Easnamh) don bhliain | | (93,978) | 159,251 |
| Iarmhéid tugtha anonn an 1 Eanáir | | 145,439 | (13,812) |
| Iarmhéid tugtha anonn an 31 Nollaig | | 51,461 | 145,439 |

Áirítear leis an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta gach gnóthachan agus caillteanas a aithníodh sa bhliain.
Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1-12 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Bhoird

Imelda Reynolds
An tUasal Imelda Reynolds
Cathaoirleach

Dáta: 1 Nollaig, 2017

An tUasal Jim Power
Comhalta Boird

Dáta: 1/12/17

# An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

## An Ráiteas ar an Staid Airgeadais

## amhail an 31 Nollaig 2016

| | Nótaí | 2016 € | 2015 € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Infháltais agus Réamhíocaíochtaí | 7 | 3,212 | 5,326 |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim | 8 | 65,439 | 155,741 |
| | | 68,651 | 161,067 |
| **Dliteanais Reatha: (Suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)** | | | |
| Earraí Iníoctha | 9 | (17,190) | (15,628) |
| **Glansócmhainní Reatha / (Dliteanais)** | | 51,461 | 145,439 |
| Glansócmhainní Iomlána | | 51,461 | 145,439 |
| **Arna léiriú ag** | | | |
| Cúlchistí Ioncaim Coimeádta | | 51,461 | 145,439 |
| | | 51,461 | 145,439 |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1-12 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Bhoird

Imelda Reynolds

An tUasal Imelda Reynolds
Cathaoirleach

Dáta: 1 Nollaig, 2017

Jim Power

An tUasal Jim Power
Comhalta Boird

Dáta: 1/12/17

An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

An Ráiteas ar Shreafaí Airgid

Réiteach an Bharrachais/(an Easnaimh) don bhliain chuig glan-insreabhadh airgid

| | Nótaí | 2016 € | 2015 € |
|---|---|---|---|
| **GLAN-Sreafaí Airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Barrachas/ (easnamh) don bhliain | | (93,978) | 159,251 |
| (Méadú)/laghdú ar infháltais | | 2,114 | (4,197) |
| Méadú/(laghdú) ar earraí iníoctha | | 1,562 | (34,140) |
| **Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | (90,302) | 120,914 |
| **Glanmhéadú / (glanlaghdú) ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim** | | (90,302) | 120,914 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim an 1 Eanáir** | | 155,741 | 34,827 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim an 31 Nollaig** | 8 | 65,439 | 155,741 |

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

**BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA**

**1.a) FAISNÉIS GHINEARÁLTA**

Bunaíodh an Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe an 17 Meitheamh 1998 faoi Alt 22 den Acht Iascaigh (Leasú), 1997 agus tá a cheannoifig lonnaithe ag Cúirt Choill Mhinsí, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Port Laoise, Contae Laoise. Is é príomhchuspóir an Bhoird Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe chun déileáil le hachomhairc in aghaidh chinntí an Aire a bhaineann le ceadúnais dobharshaothraithe.

**b) Ráiteas Comhlíonta**

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Bhoird Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016 i gcomhréir le FRS 102, an caighdeán um thuairisciú airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann a d'eisigh an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais (an CTA), arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte Éireann.

**c) Bonn an ullmhúcháin**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, seachas i gcás sócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear ar a luachanna córa, faoi mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm a d'fhaomh an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara le haontú an Aire Airgeadais faoin Acht Iascaigh (Leasú), 1997. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhíothas ag déileáil le hearraí a mheastar atá ábhartha maidir le ráitis airgeadais an Bhoird Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

**d) Ioncam**

Aithnítear ioncam ó achomhairc agus ioncam eile ar bhonn fabhruithe.
Aithnítear Deontais an Oireachtais ar bhonn fáltais airgid thirim.

**e) Sochair Fostaí**

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha, ar nós pá saoire, mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana le figiúirí na nEarraí Iníoctha sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

**Fostaithe agus Aoisliúntas**

Níl aon fhostaithe ag an mBord seachas an rúnaí agus a cúntóir, ar comhaltaí iad de scéim chaighdeánach aoisliúntais na státseirbhíse. Dá réir sin, níl aon dliteanas ag an mBord maidir le haoisliúntas.

| **2 Ioncam** | **2016**<br>**€** | **2015**<br>**€** |
|---|---|---|
| An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara C9.4 | - | 100,000 |
| An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara A10.7 | 52,601 | 200,478 |
| Táillí Achomhairc | 381 | 3,047 |
| Ioncam Eile | - | 4,249 |
| | 52,982 | 307,774 |

| **3 Luach saothair agus costais eile phá** | **2016**<br>**€** | **2015**<br>**€** |
|---|---|---|
| Tuarastal an rúnaí agus tuarastail chomhaltaí foirne eile | 52,601 | 50,478 |
| | 52,601 | 50,478 |

Tá an Rúnaí agus comhalta foirne amháin eile den Bhord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe ar iasacht ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus ní aon luach saothair breise ná díolaíochtaí á bhfáil acu maidir lena róil don Bhord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe. D'íoc an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara gach luach saothair agus díolaíocht agus d'asbhain sí gach costas ábhartha, as a dtuarastail, an tobhach pinsin san áireamh.

**4 Luach Saothair na gComhaltaí Boird**

Fuair na Comhaltaí Boird an luach saothair agus costais taistil agus chothabhála seo a leanas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016:

| | Luach Saothair € 2016 | Luach Saothair € 2015 | Taisteal agus Cothabháil € 2016 | Taisteal agus Cothabháil € 2015 |
|---|---|---|---|---|
| An tUasal Jim Power | 4,857 | 5,985 | 662 | 754 |
| An tUasal Owen McIntyre | 4,857 | 5,985 | 782 | 2,249 |
| An tUasal Seán Murphy | 5,985 | 5,985 | 996 | 1,636 |
| An tUasal Lorcán Ó Cinnéide | 1,090 | 5,985 | 1,013 | 3,893 |
| An tUasal Imelda Reynolds (Cathaoirleach) | 8,978 | 8,978 | 569 | 914 |
| An tUasal Michael Sweeney | 5,985 | 5,985 | 741 | 1,858 |
| An tUasal Brendan Brice | 3,223 | - | 451 | - |
| | 34,975 | 38,903 | 5,214 | 11,304 |

Cuireadh an Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe ar an aird i nDeireadh Fómhair gur íocadh táillí boird €18,231, ar an iomlán, faoin bprionsabal 'duine amháin, tuarastal amháin', le comhalta boird ar fostaí sa tseirbhís phoiblí é, idir Bealtaine 2013 agus Nollaig 2016.
Tá an Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe ag obriú leis an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Mara chun an tsaincheist seo a réiteach.

**5 Caiteachas**

| | 2016 € | 2015 € |
|---|---|---|
| Taisteal agus cothabháil - Comhaltaí Boird agus foireann | 7,572 | 12,459 |
| Costais Ghinearálta | 872 | 222 |
| Árachas | 2,330 | 2,295 |
| Guthán | 646 | 642 |
| Táillí dlí agus gairmiúla | 3,644 | 7,307 |
| Táillí gairmiúla eile | 32,568 | 23,050 |
| Costais chuntasaíochta agus phárolla | 8,426 | 9,821 |
| Táillí iniúchta | 3,000 | 3,000 |
| Táillí bainc | 326 | 346 |
| Foilseacháin/Fógraíocht | - | - |
| | 59,384 | 59,142 |

**6 Maoin, Gléasra agus Trealamh**

Níl aon Sócmhainní Seasta ag an mBord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe.
Is leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara gach Sócmhainn Sheasta.

**7 Infháltais**

| | 2016 € | 2015 € |
|---|---|---|
| Infháltais Eile | 2,027 | 4,197 |
| Réamhíocaíochtaí | 1,185 | 1,129 |
| | 3,212 | 5,326 |

**8 Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim**

| | 2016 € | 2015 € |
|---|---|---|
| Cuntas reatha | 65,436 | 155,738 |
| Mionairgead | 3 | 3 |
| | 65,439 | 155,741 |

**9 Earraí Iníoctha**

| | 2016 € | 2015 € |
|---|---|---|
| Earraí Iníoctha/Fabhruithe | 12,060 | 10,979 |
| ÍMAT / ÁSPC atá iníoctha | 4,657 | 3,963 |
| Cáin ar Sheirbhísí Gairmiúla atá Iníoctha | 473 | 686 |
| | 17,190 | 15,628 |

**10 Nóta faoin Áitreabh**

Áitíonn an Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe áitreabh ag Cúirt Choill Mhinsí, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Port Laoise, Contae Laoise. Is é an Oifig Achomhairc Talmhaíochta an príomhthionónta san fhoirgneamh. Ní raibh aon chíos, rátaí ná táillí seirbhíse gaolmhara dlite ar an mBord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe in 2016.

## 11 Páirtithe Gaolmhara

Is éard atá sa phríomhphearsanra bainistíochta sa Bhord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe comhaltaí Bhord na Stiúrthóirí. B'ionann an cúiteamh agus na costais iomlána a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta agus€40,189 (2015: €50,207). Chun teacht ar mhiondealú ar an luach saothair agus na sochair a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta, féach Nóta 4, le do thoil.

Ghlac an Bord le nósanna imeachta i gcomhréir leis na treoirlínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le nochtadh leasanna ag Comhaltaí Boird agus chloígh an Bord leis na nósanna imeachta seo sa bhliain 2016.

## 12 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais an 7 Márta, 2017